View in browser

22 Iúil 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 58





## ÁDH MÓR LE hAIFRIC AGUS AN FHOIREANN RÁMHAÍOCHTA SA tSEAPÁIN

Guíonn muid gach rath ar Aifric Keogh, as na Forbacha, agus ar a cuid comhbhádóirí Emily Hegarty, Eimear Lambe agus Fiona Murtagh atá ag glacadh páirte sna Cluichí Oilimpeacha sa tSeapáin faoi láthair. Beidh an fhoireann in iomaíocht i gcomórtas Rámhaíocht na mBan mar chuid de chluichí na bliana seo. Cuirfear tús leis na cluichí ar an Aoine 22 Iúil. Go n-éirí go geal libh a chailíní!

## FLEADH SCANNÁIN NA GAILLIMHE 2021

Cuireadh tús bríomhar le Fleadh Scannáin na Gaillimhe 2021 an tseachtain seo. Tá sceideal den chéad scoth ag an bhFleadh le raon leathan scannán, ceardlann agus taispeántas don phobal uilig, idir óg 's aosta. Ar an Aoine 23ú @ 12 meánlae, léireofar leagan i nGaeilge den scannán beochana *Wolfwalkers.* Scéal Robyn - sealgaire printíseach óg a thagann go hÉirinn lena athair chun an ruaig a chur ar na mictíre atá sa scannán seo. Ach ní mar a shíltear a bhítear ar ndóigh! I bPáirc an Athar de Búrca, in aice leis an Staisiún Doiteáin a spáinfear é. Beidh **Foscadh** a stiúraigh Seán Breathnach, Doire Locháin, á thaispeáint ar an Aoine freisin, ag 9 i.n. Lonnaithe i gConamara, scannán é seo a léiríonn aistear John Cunliffe - sin é Dónall Ó Healaí as Cois Fharraige - agus é ag dul i ngleic le dúshláin an tsaoil tar éis bás a mhuintire. Cé go bhfuil na ticéid díolta anois don léiriú "beo", is féidir breathnú ar an scannán ar líne chomh maith ar shuíomh idirlín Fhleadh Scannáin na Gaillimhe. Is féidir teacht ar sceideal iomláin na Fleá anseo.



Galway Film Fleadh



## FOLÚNTAS LE COMHAR NAÍONRAÍ NA GAELTACHTA

Tá post lán-aimseartha mar Chúntóir Cuntasaíochta/Cuntasóir Nuacháilithe á thairiscint ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta. Beidh an té a cheapfar lonnaithe sa bpríomhoifig ar an gCeathrú Rua. Ní mór taithí ar réiteach cuntas bainistíochta agus ar an bpacáiste Quickbooks, sárscileanna ríomhaireachta, chomh maith le cáilíocht ACA/ACCA/CIMA do chuntasóir nuacháilithe agus ceadúnas tiomána glan a bheith ag iarrthóirí. Seol iarratas chomh maith le CV chuig Mícheál Ó Fátharta, An Bainisteoir Airgeadais & Acmhainní Daonna, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, An Cheathrú Rua nó chuig micheal@cnng.ie le cur isteach ar an bpost. Glacfar la hiarratais suas go dtí an Aoine 30 Iúil roimh 5 i.n.

## SUAITHEANTAIS DO GHNÓTHAÍ CHOIS FHARRAIGE

Tá suaitheantais i nGaeilge á soláthar ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige do ghnóthaí agus d'eagraíochtaí an cheantair. Tá na suaitheantais bunaithe ar an gcóras soilse tráchta a thugann le fios don phobal go bhfuil Gaeilge ag an bhfoireann nó go bhfuil baill foirne ag foghlaim na Gaeilge. Dearadh na suaitheantais le custaiméirí a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid nó triail a bhaint aisti agus seirbhísí an cheantair á n-úsáid acu. Tá 'Gaeilge agus Fáilte' ar an suaitheantas glas, 'Tá cúpla focal agam' ar an suaitheantas oráiste agus 'Is foghlaimeoir Gaeilge mé' ar an suaitheantas dearg. Is féidir suaitheantais a fháil le haghaidh do ghnó nó d'eagraíocht ach teagmháil a dhéanamh leis na hOifigigh Pleanála Teanga ag optchoisfharraige@gmail.com nó ar a gcuntas Facebook - ar fáil ag Pleanáil Teanga Chois Fharraige.









## COMÓRTAS Á REÁCHTÁIL AG SIOPA ÚDAR

Tá comórtas á reáchtáil ag Údar ina féidir an cluiche **Cluedo Dúnmharú san Óstán** chomh maith le geansaí Údar a bhuachan. Níl le déanamh ach an siopa a leanúint ar Facebook ag an nasc seo, an post a roinnt agus clibeáil a dhéanamh ar bheirt chara le cur isteach air. Go n-éirí libh a chairde!

## COMHGHAIRDEAS LE CLG AN SPIDÉIL



Comhghairdeachas le foireann na mban, agus a bhfoireann bainistíochta as CLG An Spidéil a raibh bua iontach acu ar Oileáin Árann le gairid. Tá áit bainte amach acu i gcluiche ceannais na sraithe a imreofar i mí Meán Fómhair. Maith sibh a mhná!

## LIOSTA TEAGMHÁLA FEIDHLÍ LINBH

An mbíonn tú ag tabhairt aire do pháistí? Ba mhaith linn cloisteáil uait má bhíonn! Tá liosta teagmhála á chur le chéile againn a bheidh úsáideach do theaghlaigh Chois Fharraige. Más mian leat go gcuirfí do chuid sonraí ann, déan teagmháil linn ag optchoisfharraige@gmail.com

## ARD-DIOPLÓMA I NGAEILGE FHEIDHMEACH AGUS AISTRIÚCHÁN

Tá cúrsa sé mhí á fhógairt ag Europus. Ard-dioplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán atá ann. Ar an gCeathrú Rua a bheas an cúrsa ar siúl ag tosú ar an 14 Deireadh Fómhair 2021. Níl aon táille i gceist leis an gcúrsa. Glacfar le hiarratais go dtí an Aoine 10 Meán Fómhair. Is féidir tuilleadh eolais a fháil anseo.



## FOLÚNTAS AG POTA

Tá POTA sa tóir ar chócaire agus ball eile don fhoireann freastail lán-aimseartha le tosú láithreach. Ní mór Gaeilge líofa a bheith ag na hiarrthóirí. Bheadh an timpeallacht oibre seo feiliúnach do dhuine ar bith atá paiseanta faoi bhia agus faoi chúrsaí inmharthanachta. Áit fhuinniúil, dhearfach agus chruthaitheach atá sa gcaifé úrnua seo lonnaithe i mBaile na hAbhann, Indreabhán. Is féidir iarratas a dhéanamh nó níos mó eolais a fháil faoin bpost anseo.

## CÁRTAÍ LE JOHANNA NÍ MHÁILLE AR DÍOL GO HÁITIÚIL

Beidh cártaí de chuid Johanna Ní Mháille á ndíol go háitiúil anois. Ní mór súil a choinneáil ar leathanach Facebook Johanna Ní Mháille - le fáil anseo - le tuilleadh eolais a fháil maidir leis na siopaí gur féidir teacht ar na híomhánna agus ar na cártaí. Maith tú féin Johanna!







Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta